LOBBYING.ie
An Clár Brústocaireachta
Register of Lobbying

# Brústocaireacht a Rialáil

# 2019

## Tuarascáil Bhliantúil





Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

| | |
|---|---|
| Teileafón: | (01) 639 5722 |
| Ríomhphost: | info@lobbying.ie |
| Suíomh gréasáin: | www.lobbying.ie |
| Twitter: | @LobbyingIE |

ISSN: 2009-9363

Deartha ag Wonder Works

# Clár Ábhar

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí** **2**

**Réamhfhocal** **4**

**Ráiteas ó Cheannasaí na hEitice agus na Rialála Brústocaireachta** **5**

**Caibidil a hAon - Clárúcháin agus Tuairisceáin** **9**
1.1 Iarratais chlárúcháin 9
1.2 Tuairisceáin ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta 9
1.3 Uasghráduithe ar an gclár in 2019 10

**Caibidil a Dó - Oibríochtaí** **13**
2.1 Cinntí faoi alt 14 den Acht 13
2.2 Imscrúduithe faoi alt 19 den Acht 14
2.3 Iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht 14
2.4 Cionta faoi alt 20 den Acht 17
2.5 Fógraí le haghaidh Íocaíocht Shocraithe seirbheáilte faoi alt 21 den Acht 18
2.6 Faisnéis maidir le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe ar shuíomhanna gréasáin comhlachtaí poiblí 19
2.7 Féinaithint cláraithe 20
2.8 Cód Iompair 21
2.9 Cead rochtana cuntais 22

**Caibidil a Trí - Cumarsáid agus For-rochtain** **25**
3.1 Gníomhaíochtaí for-rochtana 25
3.2 Anailís earnálach 27

**Caibidil a Ceathair - Príomh-shaincheisteanna in 2019 agus na chéad chéimeanna eile** **29**
4.1 An Dara hAthbhreithniú ar an Acht 29
4.2 Cloígh leis an gCód Trédhearcachta 30

**Caibidil a Cúig - Moltaí le haghaidh Athraithe** **33**

**Aguisín a hAon - Ról Maoirseachta an Choimisiúin faoi *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*** **39**

**Aguisín a Dó - Moltaí don Dara hAthbhreithniú Reachtúil ar Acht** **45**

**Aguisín a Trí - Staitisticí** **49**

# An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a bunaíodh i mí na Nollag 2001 leis an *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001.* Seisear comhaltaí atá páirteach sa Choimisiún agus tá sé faoi chathaoirleacht ag breitheamh reatha nó iar-bhreitheamh den Chúirt Uachtarach nó den Ard-Chúirt. Seo a leanas na comhaltaí a bhí ann in 2019:

- An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe, Cathaoirleach;
- Seamus McCarthy, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Peter Tyndall, Ombudsman;
- Peter Finnegan, Cléireach Dháil Éireann;
- Martin Groves, Cléireach Sheanad Éireann; agus
- Jim O'Keeffe, iar-chomhalta Dháil Éireann.

Is é Oifig an Ombudsman a sholáthraíonn an Rúnaíocht don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Tá róil mhaoirseachta ag an gCoimisiún faoi cheithre phíosa reachtaíochta ar leith:

- An tAcht um *Eitic in Oifigí Poiblí 1995,* arna leasú leis an *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001*, (na hAchtanna Eitice);
- An t*Acht Toghcháin 1997,* arna leasú, (na hAchtanna Toghcháin);
- An *tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminteacha) (Leasú) 2014;* agus
- An *tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015.*

Chomh maith leis sin, tá ról ag an gCoimisiún in imscrúdú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh ionchasach le Cuid 15 *d'Acht Rialtais Áitiúil 2001.*

Eisíonn an Coimisiún tuarascáil bliantúil ar leith ina gclúdaítear a ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an reachtaíocht eile faoina shainordú a riar.

I mí Feabhra 2020, tháinig deireadh le tionachtaí an Chathaoirligh, an Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe agus an ghnáthchomhalta, an tUasal Jim O'Keeffe ag críoch a dtéarmaí sé bliana ar an gCoimisiún. Ghabh an Coimisiún buíochas leis an mbeirt acu as a ndíograis agus as an tseirbhís a sholáthair siad, agus guíonn sé gach rath orthu.

Ag tráth scríofa an doiciméid seo, ní raibh aon cheapacháin nua déanta chuig an gCoimisiún. Tá an Coimisiún ag súil le fáilte a chur roimh Chathaoirleach agus gnáthchomhalta nua in am trátha.

Ní thiocfaidh aon athrú ar chumhachtaí an Choimisiúin, agus a fhoireann tharmligthe, faoi *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015,* i rith na hidirthréimhse seo.

# Réamhfhocal

Thar ceann an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, agus de réir fhorálacha alt 25(1) *d'Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*, cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin maidir le Brústocaireacht a Rialáil in 2019 a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

**Sherry Perreault**
Ceannasaí na hEitice agus na Rialála
Brústocaireachta

# Ráiteas ó Cheannasaí na hEitice agus na Rialála Brústocaireachta



**Sherry Perreault**
Cheannasaí na hEitice agus na Rialála Brústocaireachta

Agus é seo á scríobh agam, tá pobal na hÉireann agus an domhain ag iarraidh dul i ngleic le géarchéim sláinte poiblí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, géarchéim atá ag cur isteach ar bhealach suntasach agus dosheachanta ar sholáthar seirbhísí poiblí. Tá Oifig an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, i dteannta le heagraíochtaí eile san earnáil phoiblí, dúnta don phobal anois, agus tá comhaltaí foirne ag obair go cianda chun an gá atá le scaradh fisiciúil a urramú. Tá iarrtha againn ar pháirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an oifig trí ríomhphost agus tríd an teileafón, agus a bheith foighneach linn fad is atá iarracht á déanamh againn déileáil leis an saol mar atá anois.

Ó cuireadh tús leis, bhí brústocaireacht a rialáil á bainistiú go príomha trí chórais ar líne. Buntáiste mór ba ea é seo agus iarracht á déanamh againn leanúint ar aghaidh lenár seirbhísí a sholáthar i rith na géarchéime reatha. Tá cláraithe agus comhaltaí foirne in ann leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre chomh fada is a bhaineann le clárúcháin agus tuairisceáin a chur in iúl, a dhréachtú agus a fhoilsiú. I láthair na huaire, táimid in ann leanúint ar aghaidh le haighneachtaí a phróiseáil agus le fiosrúcháin a fhreagairt laistigh de na gnáth-amlínte. Táimid ag leanúint leis an obair brústocaireachta chomh maith – agus tá athrú tagtha ar mheicníochtaí na brústocaireachta, de dhroim riachtanais, agus tá níos mó glaonna teileafóin á ndéanamh, níos mó ríomhphost á seoladh, agus níos mó físchomhráite á ndéanamh seachas cruinnithe aghaidh ar aghaidh.

Is ag amanna mar seo a thuigimid an ról suntasach atá ag brústocaireacht i dtionchar a imirt ar dhíospóireacht phoiblí agus ar chinnteoireacht: tá comhlachtaí abhcóideachta ag lorg tacaíochta do phobail leochaileacha, tá grúpaí ionadaíocha ag tarraingt airde ar ábhair atá ag déanamh imní d'oibrithe nó do ghnóthaí, agus freagra na n-oifigeach poiblí a bhfuil cinneadh le déanamh acu maidir le cathain, cá háit agus conas idirghabháil a dhéanamh.

Is uirlis dhlisteanach agus thábhachtach í an bhrústocaireacht i bpróisis chinnteoireachta. Ní mór gur uirlis thrédhearcach a bheadh inti, agus ní mór dóibh siúd a bhíonn i mbun brústocaireachta leanúint leis na hoibleagáidí a chomhlíonadh agus tuairisceáin maidir lena ngníomhaíochtaí brústocaireachta a chlárú agus a sheoladh ar aghaidh.

Sna seachtainí agus sna míonna amach romhainn, b'fhéidir go mbeidh cuid dár gcomhaltaí foirne á n-athimlonnú chuig comhlachtaí poiblí eile chun cabhrú le seirbhísí riachtanacha túslíne a chur ar fáil. I rith thréimhse seo na n-athruithe agus na héiginnteachta, cuirfidh an Coimisiún obair i gcrích a áiritheoidh soláthar éifeachtach a shainordaithe, trí thacaíocht agus treoir thráthúil a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ag a bhfuil oibleagáidí reachtúla, agus leanfar le feidhmiú an Chláir Brústocaireachta. Tá an t-eolas agus an nuacht is déanaí le fáil ar ár suíomh gréasáin (www.lobbying.ie) agus cuntas Twitter.

Le bliain anuas, tá méadú beag tagtha ar fhorbairt an Chláir Brústocaireachta, agus tá breis is 1,900 cláraí agus breis is 40,000 tuairisceán sa chóras anois. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil na huimhreacha ag cobhsú le bliain anuas nó mar sin, rud a bhfuil ciall leis sa mhéid is go mbeidh cláraithe nua ag teacht isteach sa chóras agus go mbeidh cláraithe nua ag éirí as an mbrústocaireacht.

Ní féidir linn a bheith cinnte faoin gcuma a bheidh ar chlárúchán iomlán, agus, dá réir sin, tá an Coimisiún ag leanúint le hanailís a dhéanamh ar shonraí ar an gclár lena áirithiú go mbeidh na tuairisceáin a mbeimis ag súil leo á bhfeiceáil againn – trí éagsúlú réigiúnach, earnálach agus ábhair a léiriú ar an gClár Brústocaireachta mar atá sé i ndáiríre. Chomh maith leis sin, leanfaimid ar aghaidh lenár n-iarrachtaí cumarsáide agus for-rochtana, lena áirithiú go dtuigeann daoine a bhféadfadh oibleagáidí a bheith orthu faoin Acht forálacha an Achta, agus chun a gcomhlíonadh a éascú. Ar deireadh, táimid ag leanúint leis an imscrúdú, agus más gá, le ceanglais an Achta tuairisceáin a chlárú agus a sheoladh ar ais a fhorfheidhmiú. Is léir, áfach, gur eisceachtaí den chuid is mó iad daoine nach bhfuil ag comhlíonadh anois, agus go bhfuil an chuma ar scéal gur gnáthrud é comhlíonadh anois.

Le bliain anuas, sheol an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a dara hathbhreithniú reachtach ar *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*. Cosúil leis an gcéad athbhreithniú, rinne an Coimisiún aighneacht shuntasach i ndáil leis an athbhreithniú, agus sainaithníodh réimsí ina bhféadfadh an tAcht tairbhe a bhaint as roinnt leasaithe nó soiléirithe. D'fhoilsigh an Roinn a tuarascáil ag tús 2020, agus níl sé beartaithe iarratas a dhéanamh an tAcht a leasú i láthair na huaire. Cé gur cúis díomá don Choimisiún nár glacadh lena mholtaí, leanfaidh an Coimisiún le cur chuige praiticiúil agus ciallmhar a bheith aige maidir le cur chun feidhme.

Is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le foireann an Choimisiún agus leis an Rúnaíocht as an obair atá déanta acu le bliain anuas, agus as a ndíograis agus buanseasmhacht i rith na tréimhse dúshlánaí seo.

Thar ceann an Choimisiúin agus ár bhfoireann, is mian liom gach rath a ghuí oraibh agus ar bhur muintir, agus tá súil agam go bhfuil sibh ar fad slán sábháilte.

# Caibidil a hAon:

## Clárúcháin agus Tuairisceáin



# Caibidil a hAon
## Clárúcháin agus Tuairisceáin

Ceanglaíodh ar dhaoine a bhí i mbun brústocaireachta tuairisceáin maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a chlárú agus a sheoladh ar ais faoi spriocdháta reachtúil forordaithe, má bhí brústocaireacht á déanamh acu laistigh de thréimhse tuairiscithe ainmnithe. Bhí trí thréimhse tuairiscithe ann i rith 2019, eadhon: An 1 Eanáir - An 30 Aibreán, An 1 Bealtaine - An 31 Lúnasa, agus an 1 Meán Fómhair - An 31 Nollaig. Ba iad na spriocdhátaí tuairiscithe faoi seach le haghaidh na dtréimhsí seo an 21 Bealtaine 2019, an 21 Meán Fómhair 2019 agus an 21 Eanáir 2020.

### 1.1 Iarratais chlárúcháin

I rith 2019, rinneadh 160 iarratas clárúcháin nua. Déantar gach iarratas a athbhreithniú lena áirithiú go gceanglaítear ar an duine clárú agus go bhfuil an duine sin cláraithe i gceart. Seoltar litir chuig gach iarratasóir nua ina dtarraingítear aird ar spriocdhátaí na tréimhse tuairiscithe, dea-chleachtais maidir le riaradh cuntais agus mionsonraí maidir le forálacha forfheidhmiúcháin. Cuireadh stop le nó baineadh 118 clárú den chlár má bhí siad lasmuigh de raon feidhme an Achta.

### 1.2 Tuairisceáin ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta

Tráth scríofa na tuarascála seo, bhí breis is 9,600 tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta curtha ar fáil i ndáil leis na trí thréimhse tuairiscithe in 2019. Leagtar amach sna graif in **Aguisín a Trí** líon na dtuairisceán a fuarthas i ndáil le gach tréimhse iomchuí agus na "nithe iomchuí" is coitianta agus réimsí beartais ar ar bunaíodh gníomhaíochtaí brústocaireachta.

Rinneadh athbhreithniú ar gach tuairisceán brústocaireachta a cuireadh ar fáil in 2019 lena fhíorú go raibh alt 12 den Acht á chomhlíonadh acu, go raibh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil soiléir agus lán de bhrí, agus gur cuireadh gach tuairisceán ar fáil sa bhealach agus san fhoirm a cheanglaíonn an Coimisiún. Áiríodh i measc na saincheisteanna ar déileáladh leo i ndáil le tuairisceáin i rith 2019:

- Iltuairisceáin ó chláraí i ndáil le gníomhaíochtaí brústocaireachta curtha i gcrích maidir leis an ábhar céanna i rith tréimhse iomchuí. Ba cheart tuairisceáin i ndáil leis an ábhar céanna a thiomsú i dtuairisceán amháin don tréimhse sin.

- Faisnéis dhoiléir, go háirithe i réimse na dtorthaí beartaithe. Ba cheart go mbeadh dóthain faisnéise i dtuairisceáin lena áirithiú go bhfuil siad soiléir agus trédhearcach.
- Iar-Oifigigh Phoiblí Ainmnithe (OPAanna) a chur san áireamh, a d'fhéadfadh a bheith faoi réir na tréimhse shuaimhnithe dá bhforáiltear le halt 22 den Acht, mar dhaoine aonair a tuairiscíodh a lean le gníomhaíochtaí brústocaireachta. Lorgóidh an Coimisiún faisnéis sa chás go n-ainmnítear iar-OPA i dtuairisceán a bhféadfadh oibleagáidí iar-fhostaíochta a bheith air/uirthi.
- Sa chás gur ann do cheist maidir le cibé an ní iomchuí nó nach ea é ábhar an tuairisceáin, labhróidh an fhoireann leis an gcláraí chun soiléiriú a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil gá le tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta i ndáil leis na ní ar leith.

Má aimsíonn an Coimisiún go bhfuil faisnéis atá le fáil i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta mícheart, míthreorach nó gann ar mhionsonraí, féadfaidh an Coimisiún a chumhachtaí a úsáid faoi alt 13 chun an tuairisceán a bhaint nó ceartú an tuairisceáin a iarraidh, de réir mar is cuí. Go ginearálta, comhoibríonn cláraithe leis an gCoimisiún nuair a iarrtar orthu a dtuairisceáin a leasú nó breis faisnéise a chur ar fáil. Mura gceartaítear nó mura mbaintear faisnéis atá mhícheart, féadfaidh an Coimisiún, faoi alt 13 (3), an fhaisnéis a bhaint ón gclár láithreach. Is í an éifeacht a bheidh aige seo go meastar nach ndearna an cláraí an tuairisceán ar an gcéad dul síos agus go bhfuil an baol ann go mbeidh an cláraí ag neamhchomhlíonadh.

## 1.3 Uasghráduithe ar an gclár in 2019

Déantar athbhreithniú ar fheidhmíocht an chláir ar líne go rialta, bunaithe ar pheirspictíocht an úsáideora agus ar pheirspictíocht an Choimisiúin mar riarthóir, lena áirithiú go bhfuil sé ag feidhmiú chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir. In 2019, cuireadh roinnt uasghráduithe i bhfeidhm ar an gcóras chun inúsáidteacht agus feidhmiúlacht an chláir a fheabhsú do chláraithe agus chun cúrsaí riaracháin a éascú.

Áirítear i measc na n-uasghráduithe cur leis an acmhainn chun cumarsáid a dhéanamh le cláraithe trí fhógraí ábharshonracha ar dheais chuntas an bhrústocaire. Úsáideadh an acmhainn seo chun cláraithe a spreagadh chun riarthóirí cúltaca a shainaithint dá gcuntais. Féadfar tuilleadh uasghráduithe a chur chun feidhme más gá.

# Caibidil a Dó:

## Oibríochtaí



# **Caibidil a Dó**
# Oibríochtaí

## Ceanglaíonn Alt 25(2) den Acht go n-áireofaí an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil seo:

- aon chinntí déanta faoi alt 14 nó i bhfeidhm i rith na bliana sin (iarratas mhoillithe foilseacháin);
- aon imscrúduithe curtha i gcrích faoi alt 19 agus déanta sa bhliain sin;
- aon iarratais ar thoiliú déanta faoi alt 22 (srianta iar-fhostaíochta) agus gach cinneadh maidir le hiarratais den sórt sin, déanta sa bhliain sin;
- aon chiontuithe le haghaidh cionta faoi alt 20 déanta sa bhliain sin; agus
- aon Fhógraí maidir le hÍocaíocht Shocraithe (FISanna) seirbheáilte faoi alt 21 sa bhliain sin.

Ní mór an fhaisnéis seo a sholáthar i bhfoirm nach gcumasaíonn sainaithint na ndaoine lena mbaineann.

## 2.1 Cinntí faoi alt 14 den Acht

Faoi alt 14 den Acht, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh moill a chur ar fhoilsiú na faisnéise atá le fáil in iarratas an duine gníomhaíochtaí brústocaireachta a chlárú nó ina t(h)uairisceán. Tá eolas maidir le ról an Choimisiúin i gcinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais moill a chur ar fhoilsiú le fáil in **Aguisín a hAon** den tuarascáil seo.

Ní dhearnadh aon iarratas chun moill a chur ar fhoilsiú tuairisceáin sa chlár faoi alt 14 den Acht in 2019.

## 2.2 Imscrúduithe faoi alt 19 den Acht

Foráiltear le hAlt 19 an t-údarás don Choimisiún chun imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe ar an Acht a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Déantar faireachán ar ghníomhaíocht brústocaireachta neamhchláraithe trí roinnt foinsí faisnéise, cosúil le hailt sna meáin, fógraí meán sóisialta, reachtaíocht bheartaithe, gearáin, tuairisceáin bhrústocaireachta reatha nó faisnéis eile a fhaigheann an Coimisiún.

In 2019, cuireadh tús le 22 imscrúdú faoi alt 19 den Acht maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a d'fhéadfadh a bheith neamhthuairiscithe nó neamhchláraithe. I rith na bliana, chuir an tAonad Gearán agus Imscrúduithe (CIU) clabhsúr le 12 imscrúdú. As an 12 imscrúdú, cuireadh deireadh le roinnt acu sa chás go raibh a gcuid oibleagáidí faoin Acht á gcomhlíonadh ag an duine/ag an eagraíocht ina dhiaidh sin. Leanadh ar aghaidh le 10 n-imscrúdú in 2020.

## 2.3 Iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht

Foráiltear le hAlt 22 den Acht go bhfuil Airí, Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus oifigigh shinsearacha phoiblí atá forordaithe chun críocha alt 6(1) den Acht faoi réir thréimhse bliana "suaimhnithe" i ndiaidh dóibh an oifig a fhágáil, tréimhse nuair nach gceadaítear dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca sonracha, nó a bheith fostaithe ag, nó seirbhísí a sholáthar, do dhuine a bhfuil gníomhaíochtaí brústocaireachta á ndéanamh aige/aici in imthosca sonracha, seachas le toiliú an Choimisiúin.

Féadfaidh duine atá faoi réir na tréimhse shuaimhnithe iarratas a dhéanamh ar an gCoimisiún chun an tréimhse shuaimhnithe a laghdú nó a tharscaoileadh. Tá breis faisnéise maidir le forálacha alt 22 den Acht agus ról an Choimisiúin i ndáil le halt 22 den Acht leagtha amach in **Aguisín a hAon** den tuarascáil seo.

Fuair an Coimisiún dhá iarratas ar thoiliú faoi alt 22 den Acht in 2019. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil sna cás-staidéir thíos.

## Cás-staidéar 1

Bhí an t-iarratasóir ag obair mar chomhairleoir speisialta i roinn rialtais agus bhí sé/sí tar éis glacadh le fostaíocht i ngnólacht príobháideach i ndiaidh a p(h)ost in oifig phoiblí a fhágáil.

Bhí an chuideachta a raibh an t-iarratasóir fostaithe aici anois ainmnithe ar an gClár Brústocaireachta. Ní raibh gníomhaíochtaí brústocaireachta curtha i gcrích aige roimhe seo, áfach, le hiar-chomhlacht poiblí nó le hiar-chomhghleacaithe an iarratasóra.

De bhrí nach raibh aon bhaint ag an iarratasóir le gníomhaíochtaí toirmiscthe faoi alt 22 den Acht, ní raibh úsáid bainte aige/aici as a (h)oibleagáidí toiliú an choimisiúin a lorg roimh ghlacadh leis an bpost. De bhrí gur mheas an fostóir, áfach, go bhféadfadh brústocaireacht ar iar-chomhlacht poiblí an duine a bheith i gceist amach anseo, ceanglaíodh toiliú a fháil chun leanúint leis an bhfostaíocht.

Dheimhnigh an t-iarratasóir agus an eagraíocht araon nach mbeifí ag súil leis go nglacfadh an t-iarratasóir páirt in nó go dtabharfadh sé/sí comhairle maidir le haon ghníomhaíochtaí brústocaireachta a bheadh dírithe ar iar-fhostóir an iarratasóra nó nasctha le OPAanna i rith na tréimhse iomchuí. D'fhéadfaí socruithe oiriúnacha a dhéanamh lena áirithiú nach raibh baint ag an iarratasóir le nó nach raibh sé/sí ionpháirteach in eolas faoi ghníomhaíochtaí nó pleananna brústocaireachta dá leithéid.

Ní raibh aon fhianaise ann gur sháraigh an t-iarratasóir aon oibleagáidí faoi alt 22 den Acht trí ghlacadh leis an bhfostaíocht seo. Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, chomhaontaigh an Coimisiún tarscaoileadh a dheonú don deich mí dheireanacha den tréimhse shuaimhnithe. Bhí an tarscaoileadh faoi réir, áfach, roinnt coinníollacha a bhí deartha lena áirithiú nár lean an duine le gníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca atá leagtha amach in alt 22.

Ní bhfuarthas aon achomharc.

Mar a léiríonn an cás seo, féadfaidh iar-OPA glacadh le fostaíocht sa chás nach bhfuil a c(h)uid oibleagáidí faoi alt 22 den Acht i gceist ar dtús. Sa chás go n-athraíonn imthosca, d'fhéadfadh go mbeadh oibleagáid i gceist ina dhiaidh sin a chiallódh go mbeadh gá le toiliú an Choimisiúin ionas gur féidir leis an duine leanúint lena f(h)ostaíocht.

## Cás-staidéar 2

Bhí an t-iarratasóir ag obair mar chomhairleoir speisialta i roinn rialtais agus bhí sé/sí ag iarraidh glacadh le fostaíocht i gcuideachta a bhí ainmnithe ar an gclár brústocaireachta. Bhí an t-iarratasóir ag iarraidh na ceithre mhí dheireanacha den tréimhse shuaimhnithe a tharscaoileadh d'fhonn tabhairt faoin bhfostaíocht seo.

Chuir an Coimisiún san áireamh go raibh an chuideachta ina raibh an t-iarratasóir ag iarraidh glacadh le fostaíocht tar éis brústocaireacht a dhéanamh ar an Roinn inár oibrigh sé/sí roimhe seo. Bhí an t-iarratasóir liostaithe ar thuairisceáin a bhí déanta ag an gcuideachta roimhe seo, mar aon le OPAanna eile, mar dhaoine a ndearna an chuideachta brústocaireacht orthu. Níor tharla aon bhrústocaireacht dá leithéid, áfach, i rith na bliana sula ndearnadh an t-iarratas. Cuireadh in iúl don Choimisiún go raibh an ról tairgthe don iarratasóir i ndiaidh próiseas iomaíoch.

Dheimhnigh an t-iarratasóir agus an chuideachta araon nach mbeifí ag súil leis go nglacfadh an t-iarratasóir páirt in nó go dtabharfadh sé/sí comhairle maidir le haon ghníomhaíochtaí brústocaireachta toirmiscthe a bhainfeadh le h-iar-fhostóir an iarratasóra nó a bheadh nasctha le OPAanna i rith na tréimhse iomchuí. Chomh maith leis sin, dheimhnigh an fostóir nach raibh sé i gceist aige brústocaireacht a dhéanamh ar iar-roinn an iarratasóra i rith an chuid eile den tréimhse shuaimhnithe agus nach mbeadh cead ag an duine páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta a bhí dírithe ar a n-iar-chomhlacht poiblí nó ar a n-iar-chomhghleacaithe.

Chomhaontaigh an Coimisiún tarscaoileadh a dheonú don cheithre mhí dheireanacha den tréimhse shuaimhnithe. Bhí an tarscaoileadh faoi réir, áfach, roinnt coinníollacha a bhí deartha lena áirithiú nár lean an duine le gníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca atá leagtha amach in alt 22.

Ní bhfuarthas aon achomharc.

## 2.4 Cionta faoi alt 20 den Acht

### Cionta faoi alt 20(1) – Tuairisceán dheireanacha

Ní mór tuairisceáin a chur ar fáil roimh an spriocdháta reachtúil atá sonraithe san Acht. Foráiltear le hAlt 21 den Acht gur féidir leis an gCoimisiún Fógra maidir le hÍocaíocht Shocraithe (FIS) de €200 a sheirbheáil ar dhuine a chuir tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta ar fáil go deireanach. Mar atá sonraithe in alt 2.5 thíos, eisíodh 290 fógra maidir le híocaíocht shocraithe le haghaidh tuairisceán deireanach in 2019. Íocadh a bhformhór laistigh de na spriocdhátaí forordaithe.

Má theipeann ar dhuine an pionós a íoc laistigh de 21 lá, eisíonn an Coimisiún fógra ciona faoi alt 20(1), agus féadfaidh sé leanúint ar aghaidh chun an cion maidir le tuairisceán deireanach a ionchúiseamh. Dlífear an duine a chiontú go hachomair le haghaidh fíneáil Aicme C (€2,500 i láthair na huaire).

| Líon na bhFógraí A. 20(1) eisithe | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2019 | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2018 | Tarchurtha le haghaidh ionchúisimh |
|---|---|---|---|
| 28 | 19 | 9 | 1 |

I bhformhór na gcásanna, íocann daoine a fhaigheann fógra ciona an FIS atá gan íoc. I mí Meithimh 2019, áfach, rinneadh an chéad chiontú faoi alt 20(1) den Acht. Theip ar an eagraíocht i gceist tuairisceáin maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a chur ar fáil faoin spriocdháta agus dhiúltaigh an eagraíocht i gceist na hoibleagáidí a chomhlíonadh. D'fhorchuir an chúirt fíneáil de €1,250 agus bronnadh costais ar an gCoimisiún.

### Cionta faoi alt 20(2) – Teip tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur ar fáil

Ceanglaítear ar chláraí tuairisceán a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta, lena n-áirítear tuairisceán folamh, faoin spriocdháta reachtúil. Is ionann teip é seo a dhéanamh agus cion, agus dlífear an duine, ar chiontú achomair, d'fhíneáil uasta de €2,500.

Eisíonn an Coimisiún fógra ciona d'aon chlárú a dteipeann air/uirthi tuairisceán a chur ar fáil faoin spriocdháta, agus tugtar coicís bhreise don duine tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur ar fáil. Má theipeann ar an duine an tuairisceán a chur ar fáil faoin dáta sin, féadfaidh an Coimisiún leanúint ar aghaidh agus an cion a ionchúiseamh faoi alt 20(2) den Acht.

In 2019, d'eisigh an Coimisiún 97 fógra ar fad ag cur in iúl don chláraí go raibh sé beartaithe aige ionchúiseamh a dhéanamh murar cuireadh tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta ar fáil. I roinnt cásanna, aimsíodh nach raibh sé de cheangal ar an gcláraí a bheith ar an gclár, de bhrí go raibh sé/sí nó an chumarsáid lasmuigh de raon feidhme an Achta. I ngach cás eile, chinn an cláraí comhlíonadh agus níor leanadh leis an ionchúiseamh.

| Líon na bhFógraí alt 20(2) eisithe. | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2019. | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2018. | Tarchurtha le haghaidh ionchúisimh. |
|---|---|---|---|
| 97 | 72 | 25 | 0 |

### Comhlíonadh a spreagadh

Tá an Coimisiún ag leanúint le comhlíonadh a spreagadh ag luathchéim. Bhí for-rochtain agus cumarsáid éifeachtach le brústocairí cláraithe ag luathchéim mar bhonn le líon na gcomhad atá á dtarchur le haghaidh ionchúisimh gach bliain a laghdú. Cúis ionaidh b'fhéidir, is ea go bhfuil sé de nós ag formhór na ndaoine a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh nuair a dhéanann an t-aonad Gearán agus Imscrúduithe (CIU) teagmháil leo. Tá cur chuige nach bhfuil chomh trócaireach céanna ag an gCoimisiún maidir le brústocairí a dteipeann orthu arís agus arís eile aird a thabhairt ar thréimhsí tuairisceáin nó a dteipeann orthu comhlíonadh leis an gCoimisiún nó plé a dhéanamh leis an gCoimisiún. Ina leithéid sin de chásanna, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh imeachtaí a thionscnamh. Sa chás go n-oibríonn an brústocaire leis an gCoimisiún agus go mbaintear comhlíonadh amach, go ginearálta socraítear an cás agus aistarraingítear na himeachtaí.

Tá líon na bhfógraí atá á n-eisiúint ag an gCoimisiún ag laghdú bliain i ndiaidh bliana, chomh fada is a bhaineann le tuairisceáin dheireanacha agus neamhthuairisceáin. Is fianaise eile fós é seo ar an méid ama a caitheadh ag iarraidh comhlíonadh a spreagadh. Lena chois sin, caitear go leor ama ar athbhreithniú a dhéanamh ar chláraithe (nua agus reatha) lena áirithiú go gceanglaítear ar gach duine atá cláraithe a bheith ainmnithe ar an gclár. Má shíleann an Coimisiún nach bhfuil sé de cheangal ar dhuine nó ar eagraíocht clárú, déanfaidh an Coimisiún teagmháil leis an gcláraí chun athbhreithniú a dhéanamh ar cheanglais an Achta. Tá an cur chuige seo ag leanúint lena áirithiú go gcaitear níos lú ama agus acmhainní ar neamhchomhlíonadh a aimsiú.

## 2.5 Fógraí le haghaidh Íocaíocht Shocraithe seirbheáilte faoi alt 21 den Acht

Tá an clár ar líne deartha lena áirithiú go n-eisítear fógra le haghaidh íocaíocht shocraithe (FIS) go huathoibríoch don duine a bhfuil tuairisceán deireanach á chur ar fáil aige/aici. Cuireann an FIS in iúl don duine go bhfuil 21 lá aige/aici chun é a íoc.

### FISanna eisithe in 2019

| Líon na FISanna eisithe | Bainteach le tréimhsí iomchuí 2019 | Bainteach le tréimhsí iomchuí eile | Íoctha | Cealaithe | Neamhíoctha |
|---|---|---|---|---|---|
| 290 | 203 | 87 | 244 | 41 | 5 |

Tá gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin maidir le cúig FIS neamhíoctha fós ar siúl. Bhí líon na FISanna a eisíodh i ndáil leis na trí thréimhse iomchuí roimhe (2019) cothrom le 290.

Is ionann staitistic chomhlíonta na bliana seo agus feabhas suntasach i gcomparáid leis na blianta roimhe seo inar eisíodh FISanna, mar is léir ón tábla thíos.

| An bhliain forfheidhmiúcháin | An líon iomlán FISanna eisithe |
|---|---|
| 2019 | 290 |
| 2018 | 522 |
| 2017 | 522 |

Cé gur chealaigh an Coimisiún roinnt FISanna in 2019, ní dhéanfaidh sé amhlaidh go ginearálta ach le haghaidh na gcúiseanna seo a leanas:

- sa chás gur chuir fadhb theicniúil ar lobbying.ie cosc ar an duine tuairisceán a chur ar fáil in am;
- sa chás gur tharla earráid riaracháin a chiallaíonn go ndearna an duine, trí bhotún, tuairisceán faoi dhó don tréimhse mhícheart; agus/nó
- a chás nach raibh sé de cheangal ar an duine clárú agus gur chláraigh sé/sí trí bhotún.

## 2.6 Faisnéis maidir le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe ar shuíomhanna gréasáin comhlachtaí poiblí

Ceanglaíonn an tAcht go bhfoilsíonn gach comhlacht poiblí ceaptha faoi alt 6(4) den acht liostaí cothrom le dáta dá OPAanna. Soláthraíonn Lobbying.ie naisc ábhartha le haghaidh na leathanach seo do chomhlachtaí poiblí atá ceaptha faoin Acht.

Roimh dheireadh gach tréimhse tuairisceáin, iarrtar ar chomhlachtaí poiblí liosta a sheiceáil, agus a uasghrádú más gá, ar a dtaispeántar ainm, grád agus mionsonraí achomair maidir le ról agus freagrachtaí gach Oifigeach Poiblí Ainmnithe forordaithe laisigh don chomhlacht. Chomh maith leis sin, iarrtar orthu faisnéis a bhaineann le grúpaí oibre nó tascfhórsaí atá ag feidhmiú faoina gcoimirce a dheimhniú agus a nuashonrú, d'fhonn a aithint cibé an raibh nó nach raibh eagraíochtaí ag cloí leis an gCód Trédhearcachta, bunaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar thosach feidhme an Achta.

Foráiltear sa Chód Trédhearcachta do dhíolúintí le haghaidh cumarsáid áirithe déanta ag an duine laistigh de raon feidhme an Achta, má dhéantar an chumarsáid i ngnáthchúrsa gnó grúpa oibre nó tascfhórsa bunaithe ag comhlacht poiblí, agus má chuireann an comhlacht poiblí an chomhaltacht, na téarmaí tagartha, cláir oibre agus miontuairiscí chruinnithe an ghrúpa ar fáil go poiblí.

I mí Lúnasa 2019, rinne an Coimisiún teagmháil le gach comhlacht poiblí ag a bhfuil OPAanna lena fhíorú go raibh an fhaisnéis cothrom le dáta, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

1. Go raibh leathanach bunaithe ar Bhrústocaireacht a Rialáil ag gach comhlacht iomchuí;
2. Cibé an raibh nó nach raibh an t-ainm agus an post foilsithe ar an leathanach; agus
3. Go raibh faisnéis iomchuí ag gach comhlacht ar a suíomh gréasáin maidir leis an gCód Trédhearcachta le haghaidh aon ghrúpa a bhí ag obair faoina gcoimirce.

Chomh maith leis sin, d'áirithigh an Coimisiún go raibh naisc óna shuíomh gréasáin féin beacht agus ag obair.

Ábhar misnigh ba ea torthaí an tsuirbhé seo. D'aimsigh an Coimisiún go raibh leathanach gréasáin ag gach comhlacht poiblí ag a raibh OPA agus go raibh na OPAanna liostaithe mar aon leis an bhfaisnéis iomchuí a bhain lena bpost. Maidir le gach comhlacht ag a raibh grúpa ag feidhmiú faoin gCód Trédhearcachta, bhí an fhaisnéis iomchuí foilsithe ar leathanach Rialála Brústocaireachta a suímh ghréasáin chomh maith.

## 2.7 Féinaithint cláraithe

In 2019, tarraingíodh aird an Choimisiúin ar shaincheist a bhain le féinaithint brústocairí ar an gclár. Sa chás gur gnó nó eintiteas carthanais é cláraí, le hainm dlíthiúil agus aitheantas trádála, féadfaidh sé clárú trí úsáid a bhaint as ceachtar díobh sin. Cé gur fúthu féin atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an ainm a úsáideann siad don chlárú foirmiúil, ar mhaithe le trédhearcacht, ní mór go mbeadh úsáideoirí in ann teacht go héasca ar an gcláraí agus ar a dtuairisceáin.

I gcás amháin, chláraigh eagraíocht trí úsáid a bhaint as a hainm dlíthiúil, a bhí difriúil i gcomparáid leis an ainm ab fhearr aithne an eagraíocht. Chruthaigh sé seo deacrachtaí d'úsáideoirí teacht ar thuairisceáin a bhí déanta ag an eagraíocht. Cé nár bhain aon deacracht le comhlíonadh, ní raibh sé seo idéalach chomh fada is a bhain le trédhearcacht.

Mar fhreagra air seo, d'fhoilsigh an Coimisiún **treoir** ag moladh do chláraithe a n-ainm dlíthiúil a úsáid chun clárú ach tagairt a dhéanamh freisin, sa réimse saorthéacs, dá n-aitheantas is coitianta nó dá n-ainm trádála. Tá sé beartaithe freisin ag an gCoimisiún réimse nua a chur san áireamh ar leathanach an chláraí, chun deis a thabhairt do chláraithe ainmneacha eile atá in úsáid acu a chur san áireamh/"ag trádáil mar", mar is amhlaidh an cás ar shuíomh gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. Beidh sé seo inrochtana tríd an bhfeidhm chuardaigh a chabhraíonn le rochtain níos éasca agus breis trédhearcachta a áirithiú. Táthar ag súil go gcuirfear an nuashonrú seo chun feidhme in 2020.

## 2.8 Cód Iompair

Foráiltear le hAlt 16(1) den Acht gur féidir leis an gCoimisiún cód iompair a chur i dtoll a chéile do dhaoine a bhfuil gníomhaíochtaí brústocaireachta á ndéanamh acu "agus é mar aidhm ardchaighdeáin ghairmiúla agus dea-chleachtais a chur chun cinn". Mar a pléadh i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo caite, sheol an Coimisiún an Cód Iompair do dhaoine a bhfuil gníomhaíochtaí brústocaireachta á ndéanamh acu i mí na Samhna 2018, de bhun próiseas comhairliúcháin.

Forálann an Cód, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2019, le haghaidh ocht bprionsabal trínar féidir le daoine a bhfuil gníomhaíochtaí brústocaireachta á ndéanamh acu a ngníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh go trédhearcach agus go heiticiúil. Ní mór do dhuine ar bith atá i mbun brústocaireachta, lena n-áirítear fostóirí, tríú páirtithe, comhlachtaí ionadaíocha nó abhcóideachta agus daoine aonair, aird a thabhairt ar an gCód nuair a bhíonn cumarsáid á déanamh le hoifigigh phoiblí.

Tá an Cód i mbun feidhme le beagnach bliain anuas agus tá ag éirí go maith leis.

Mar chuid dá aighneacht leis an Dara hAthbhreithniú Reachtúil ar an Acht, d'iarr an Coimisiún go mbeadh an Cód infhorfheidhmithe. Go sonrach, mhol an Coimisiún go ndéanfaí alt 16 den Acht a mhionathrú ionas go mbeadh an t-údarás ag an gCoimisiún fiosrúcháin a dhéanamh agus tuairisciú ar sháruithe ar an gCód.

Roimhe sin, gheall an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód de bhun an Dara hAthbhreithnithe Reachtúil ar an Acht a bheith curtha i gcrích, sa chás go mbeadh tionchar ag aon athruithe reachtacha beartaithe ar oibriú éifeachtach an Chóid. De bhrí nár mhol an tAthbhreithniú go ndéanfaí aon athrú reachtach, níl athbhreithniú ar an gCód riachtanach i láthair na huaire. Déanfaidh an Coimisiún breithniú, áfach, ar mholtaí a rinneadh i gcomhthéacs an athbhreithnithe i ndáil le treoir bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.

## 2.9 Cead rochtana cuntais

Tá dhá leibhéal dhifriúla de rochtain cuntais ar fáil do chláraithe. Ceadaíonn an córas do dhaoine clárú mar úsáideoir nó mar riarthóir, agus baineann ceadanna difriúla le gach cineál cuntais. Tá ceadanna iomlána ag riarthóirí tuairisceáin a dhréachtú, athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtaí atá curtha ar fáil ag úsáideoirí, tuairisceáin a fhoilsiú, agus úsáideoirí a chur leis nó a scriosadh. Tá ceadanna níos teoranta ag cuntais úsáideora ar an gcóras a chiallaíonn gur féidir leo tuairisceáin a dhréachtú agus iad a chur ar fáil don riarthóir chun iad a athbhreithniú nó a fhoilsiú.

Chiallaigh na leibhéil dhifriúla rochtana seo, go raibh na leibhéil mhíchearta rochtana ag roinnt cláraithe roimhe seo, rud ba chúis le deacrachtaí a bheith acu a dtuairisceáin a chur ar fáil. Rinne an Coimisiún cumarsáid le gach cláraí, ag míniú na ndifríochtaí idir na cuntais agus ag soláthar treoracha maidir le conas ceadanna rochtana a athrú. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Coimisiún fógra faisnéise faoin tsaincheist seo ar a shuíomh gréasáin.

Rinneadh roinnt athbhreithnithe rochtana cuntais mar thoradh ar an treoir sin, rud a bhí mar bhonn le comhlíonadh a fheabhsú. Foilsíodh an nóta faisnéise seo ag an am céanna le laghdú ar líon na gcláraithe a raibh teagmháil á déanamh acu leis an gCoimisiún maidir le tuairisceáin a bhí curtha ar fáil go mícheart mar thoradh ar rochtain cuntais.

# Caibidil a Trí:

## Cumarsáid agus For-rochtain



# Caibidil a Trí
# Cumarsáid agus For-rochtain

## 3.1 Gníomhaíochtaí for-rochtana

Tá an Coimisiún ag leanúint le deiseanna a thapú chun cur le tuiscint daoine ar an Acht agus ar a oibleagáidí, agus é mar aidhm tacú le comhlíonadh éifeachtach agus dea-chleachtais a roinnt.

I mí Aibreáin, bhuail oifigigh ón Aonad um Brústocaireacht a Rialáil le toscaireacht ar cuairt ó Aireacht Inmheánach na Gearmáine chun forbairt agus cur chun feidhme an chórais brústocaireachta a phlé.

I mí Bealtaine, reáchtáil Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí (PRII) agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, fóram maidir le brústocaireacht a rialáil ag a chuir siad in iúl torthaí staidéir a rinne siad ar pheirspictíochtaí ar bhrústocaireacht a rialáil, lena n-áirítear comparáidí ar chórais ar fud an domhain a bhfuil sé mar aidhm leo brústocaireacht a rialáil. Ghlac Ceannasaí na hEitice agus na Rialála Brústocaireachta, Sherry Perreault, páirt sa díospóireacht phainéil, taobh le painéalaithe ó IBEC, Edelman Ireland agus PRII, mar aon le hiar-OPA. Fóram úsáideach ba ea an chomhdháil a thug deis don Choimisiún tuilleadh eolais agus treorach a chur ar fáil do bhrústocairí agus aiseolas maidir le heispéireas na n-úsáideoirí a fháil.

Níos déanaí an mhí sin, d'eagraigh Tionól Náisiúnta na Fraince, i gcomhpháirt leis an Ard-Údarás maidir le Trédhearcacht sa Saol Poiblí agus Dualeolaí (comhairleoir eitice) an Tionóil Náisiúnta, comhdháil maidir le brústocaireacht agus a rialáil, dar teideal "Peirspictíochtaí maidir le Brústocaireacht" ("Regards croisés sur le lobbying"). D'fhreastail lucht parlaiminte na Fraince, comhaltaí foirne agus baill den phobal acadúil ar an seimineár. Tugadh cuireadh do Cheannasaí na hEitice agus na Rialála Brústocaireachta páirt a ghlacadh i ndíospóireacht phainéil maidir le brústocaireacht a rialáil sa Fhrainc agus san Eoraip chun eispéireas na hÉireann ar an rialáil a chur i láthair.

I ndiaidh sheoladh ó Ghréasán Rialtóirí Brústocaireachta na hEorpa in earrach 2018, reáchtáladh dara comhdháil bhliantúil an Ghréasáin i bPáras i mBealtaine 2019. Áirítear i measc chomhaltaí an Ghréasáin rialtóirí ó dhlínsí éagsúla a bhfuil brústocaireacht á rialáil ar fud na hEorpa acu, an AE san áireamh. Thug comhdháil na bliana seo deis do rannpháirtithe a n-eispéireas a mhalartú lena chéile i roinnt réimsí, lena n-áirítear comhlíonadh a chur chun cinn, sonraí a athúsáid agus cóid iompair a chruthú.

I mí Iúil, bhuail Ceannasaí na hEitice agus na Rialála Brústocaireachta le taighdeoir ón gCoimisiún Neamhspleách in aghaidh an Éillithe (ICAC) i New South Wales, an Astráil. Tá ICAC i mbun fiosrúchán poiblí faoi láthair ar rialáil na brústocaireachta, rochtain agus tionchar sa stát. Mar chuid den taighde ICAC atá á dhéanamh acu ar conas atá rialáil brústocaireachta ag feidhmiú i ndlínsí eile, roghnaíodh Éire mar chás-staidéar, agus bhí deis ag Éire a heispéireas féin ar chur chun feidhme agus oibríochtaí leanúnacha an Chláir Brústocaireachta a roinnt. Ina dhiaidh sin, cuireadh faisnéis faoi chóras na hÉireann in iúl don fhiosrúchán poiblí, atá fós ar siúl.

I mí na Samhna, d'fháiltigh an tAonad Brústocaireachta roimh bheirt chuairteoirí *ó Transparency International Latvia* a bhí i mbun staidéir ar an gcóras brústocaireachta. Chuir foireann na Rúnaíochta eolas ar fáil faoi phríomhghnéithe Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 agus d'fhreagair siad fiosrúcháin maidir le feidhmiú an Achta.

Ar deireadh, reáchtáil an Rúnaíocht ócáid do chláraithe nua agus ionchasacha a raibh spéis acu i dtuilleadh a fhoghlaim faoin Acht.

## 3.2 Anailís earnálach

Ag tús 2019, thug an Coimisiún faoi anailís ar na hearnálacha a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu ar an gClár Brústocaireachta. Shainaithin an Coimisiún trí phríomhfhachtóir a dteastaíonn tuilleadh for-rochtana, tógálaithe, forbróirí agus ailtirí uathu.

Bhuail an Coimisiún le hionadaithe ó Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, agus Réadmhaoin Institiúideach na hÉireann chun leibhéil chlárúcháin laistigh de na hearnálacha seo a phlé, agus chun deiseanna a lorg chun for-rochtain a fheabhsú. De bhun na gcruinnithe seo, d'fhoilsigh an Coimisiún nótaí faisnéise saincheaptha do thógálaithe, forbróirí agus ailtirí. Sainaithníodh sa doiciméad deich bpointe do bhrústocairí ionchasacha, sna tionscail seo, a bheadh le cur san áireamh nuair a bheadh cumarsáid á cur i gcrích. Foilsíodh iad seo i bhfoilseacháin trádála agus ar shuíomhanna gréasáin, agus ar lobbying.ie.

In 2020, leanfaidh an Coimisiún le hanailís a dhéanamh ar an gclár chun réimsí réigiúnacha, earnálacha nó réimsí eile shainaithint a bhféadfadh tuilleadh for-rochtana nó for-rochtain shaincheaptha a bheith ag teastáil uathu.

# Caibidil a Ceathair:

## Príomh-Shaincheisteanna in 2019 agus na Chéad Chéimeanna eile



# Caibidil a Ceathair
Príomh-Shaincheisteanna in 2019 agus na Chéad Chéimeanna eile

## 4.1 An Dara hAthbhreithniú ar an Acht

Cuireadh tosach feidhme leis an *Acht um Rialáil Brústocaireachta 2015* (an tAcht) ar an 1 Meán Fómhair 2015.

Foráiltear san Acht le haghaidh athbhreithniú reachtach á dhéanamh ag an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an tAire) i ndiaidh tréimhse thosaigh de 12 mhí i ndiaidh thabhairt isteach an Achta agus ansin i ndiaidh gach tréimhse chomhleantach 3 bliana. Mar chuid den athbhreithniú seo, ní mór don Aire dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, agus le páirtithe leasmhara eile.

Rinneadh an chéad athbhreithniú ar an Acht in 2016, agus foilsíodh an Tuarascáil i mí Feabhra an bhliain dár gcionn. Ní dhearnadh aon leasuithe ar an Acht de bhun an chéad Athbhreithnithe.

Sheol an tAire an Dara hAthbhreithniú i mí Aibreáin 2019. D'fháiltigh an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) roimh aighneachtaí mar chuid de phróiseas comhairliúcháin phoiblí. Fuair an Roinn 27 aighneacht ar fad ó ranna rialtais, comhlachtaí ionadaíocha, grúpaí leasmhara, agus comhlachtaí agus daoine aonair éagsúla atá páirteach i mbrústocaireacht.

Chuir an Coimisiún **aighneacht faoi bhráid an athbhreithnithe** i mBealtaine 2019 a áiríodh inti 22 moladh ar leith maidir le sainmhínithe, oibríochtaí, oibleagáidí iar-fhostaíochta, forfheidhmiú agus nithe éagsúla eile an Achta.

Bhí an aighneacht seo bunaithe ar thaithí an Choimisiúin ar riaradh an Achta le ceithre bliana anuas. Ó tharla go bhfuil ceanglais an Achta agus an próiseas a bhaineann le tuairisceáin a chur ar fáil bunaithe faoin tráth seo, shainaithin an Coimisiún an áit a mbainfeadh an tAcht tairbhe as leasú nó soiléiriú, mar aon le roinnt réimsí nach dtagraítear dóibh san Acht agus ina mbeadh foráil shainráite úsáideach. Má ghlactar leis, síleann an Coimisiún go neartóidh na moltaí seo oibriú an Achta, agus go bhfeabhsófaí trédhearcacht agus cuntasacht.

Bhí roinnt de na moltaí atá le fáil san aighneacht seo déanta cheana féin in aighneacht a rinne an Coimisiún roimhe seo maidir leis an gcéad athbhreithniú ar an Acht nó ina thuarascálacha bliantúla.

Ar an 25 Feabhra 2020 d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a **tuarascáil** maidir leis an Dara hAthbhreithniú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil. Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin le foilsiú na tuarascála maidir le feidhmiú an Achta, ach cúis díomá, áfach, don Choimisiún is ea nár glacadh le haon cheann de na moltaí a rinne sé.

Tugann na moltaí sa tuarascáil le fios go bhféadfaí déileáil le formhór na n-ábhar imní faoin reachtaíocht mar chuid den phróiseas athbhreithnithe trí bhreis treorach agus soiléirithe ón gCoimisiún. Cé go bhfuil an Coimisiún ag leanúint le páirt a ghlacadh i bhfor-rochtain shaincheaptha agus go ndéanann sé athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar a threoir nuair is gá, is é tuairim an Choimisiúin nach dtugann sé seo léargas cruinn ar an raon saincheisteanna sonracha nach féidir déileáil leo ach trí leasú reachtach. Áirítear anseo, mar shampla, cumhachtaí forfheidhmiúcháin a bhunú le haghaidh sáruithe ar fhorálacha iar-fhostaíochta an Achta, agus a cheangal ar oifigigh phoiblí diúltú do ghealltanais bhreise le daoine a dteipeann orthu an tAcht a chomhlíonadh.

Leanfaidh an Coimisiún le saincheisteanna a shainaithint agus a thabhairt chun solais sa chás go bhféadfadh an tAcht tairbhe a bhaint as leasú nó soiléiriú nuair a bhíonn a leithéid i gceist. Cuirfear tús leis an tríú athbhreithniú reachtúil ar an Acht in 2022.

**Féach ar Aguisín a Dó** áit a bhfuil achoimre ar na moltaí a rinneadh in Aighneacht an Choimisiúin maidir leis an dara hathbhreithniú reachtúil.

## 4.2 Cloígh leis an gCód Trédhearcachta

Mar a tugadh faoi deara thuas, d'fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Cód Trédhearcachta i Meán Fómhair 2015 i gcomhar le tosach feidhme an Achta. Foráiltear sa Chód le haghaidh díolúintí ón gceanglas cumarsáid a chlárú má dhéantar an chumarsáid sin i rith cúrsa oibre "comhlacht iomchuí" agus má chloíonn an "comhlacht iomchuí" leis an gCód trína chomhaltacht, téarmaí tagartha, cláir oibre agus miontuairiscí cruinnithe a fhoilsiú. Áirítear i "gcomhlacht iomchuí" aon tascfhórsa, grúpa oibre nó coiste bunaithe ag comhlacht poiblí a áirítear i measc a gcomhaltaí OPA amháin, ar a laghad, agus duine amháin laistigh de raon feidhme an Achta, ar a laghad. Go minic bíonn na comhlachtaí iomchuí seo bunaithe ag ranna státseirbhíse agus ag údaráis áitiúla.

Sa chás go gcloínn an "comhlacht iomchuí" leis an gCód Trédhearcachta, ní gá do na comhaltaí tuairisceáin a chur ar fáil maidir leis an gcumarsáid a rinneadh laistigh den ghrúpa.


I rith 2019, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar leibhéil lena rabhthas ag cloí leis an gCód Trédhearcachta sna húdaráis áitiúla ar fad. As an 31 comhairle contae a scrúdaíodh, ní raibh ach sé chomhairle ag cloí go hiomlán le téarmaí an Chóid, agus bhí na hocht gceanglas á gcomhlíonadh acu. Aimsíodh go raibh 13 chomhairle contae ag comhlíonadh tacaí go páirteach agus aimsíodh go raibh 12 chomhairle contae go hiomlán neamhchomhlíontach leis an gcód.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tuilleadh plé a dhéanamh le húdaráis áitiúla faoin tsaincheist seo i rith 2020. Tá seans ann go bhfuil níos mó comhlachtaí iomchuí i mbun feidhme ná mar atá á thuairisciú ag go leor údarás áitiúil. Tá iarmhairt shuntasach ag oibriú na gcomhlachtaí iomchuí lasmuigh den Chód Trédhearcachta a chiallaíonn go mb'fhéidir go mbeadh cumarsáid déanta ag comhaltaí an chomhlachta iomchuí i rith chúrsa ghníomhaíochtaí an chomhlachta inchláraithe faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil. D'fhéadfaí go gceanglófar ar chomhaltaí seachtracha na gcomhlachtaí seo tuairisceáin a chur ar fáil maidir le cumarsáid déanta laistigh den ghrúpa ach nach mbeidís ar an eolas faoin gceanglas seo, agus go mbeidís ag neamhchomhlíonadh dá thoradh sin.

Molann an Coimisiún d'údaráis áitiúla agus do ranna státseirbhíse eolas a chur ar cheanglais, agus tacú le cloí, leis an gCód Trédhearcachta i measc a ngrúpaí oibre agus a gcoistí um beartais straitéiseacha.

# Caibidil a Cúig:

## Moltaí le haghaidh Athraithe



# Caibidil a Cúig
## Moltaí le haghaidh Athraithe

Tá moltaí le haghaidh athraithe déanta ag an gCoimisiún mar chuid de na haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don Chéad Athbhreithniú Reachtúil ar an Acht um Brústocaireacht in 2016 agus an Dara hAthbhreithniú Reachtúil ar an Acht in 2019. Tá moltaí déanta ag an gCoimisiún i ngach tuarascáil bhliantúil chomh maith. Tá achoimre ar na príomhthograí atá fós gan chríochnú ó gach athbhreithniú reachtúil le fáil sa tábla thíos.

### Moltaí a bhaineann le hAcht um Brústocaireacht 2015

| Moltaí | An Chéad Athbhreithniú | An Dara hAthbhreithniú |
|---|---|---|
| 1. Ba cheart an tAcht a leasú chun foráil a dhéanamh a chiallaíonn go bhfuil aon chomhlachtaí ionadaíocha gnó nó "comhpháirtíochtaí" de leasanna gnó, beag beann ar líon nó stádas na bhfostaithe, laistigh de raon feidhme an Achta, sa chás go mbeadh duine amháin nó níos mó de chomhaltaí an chomhlachta/na comhpháirtíochta laistigh den raon feidhme dá mbeidís ag gníomhú iad féin. Ba cheart go gceanglófaí ar chomhaltaí den chomhlacht/den chomhpháirtíocht iad a ainmniú ar thuairisceáin atá ag tacú le trédhearcacht mhéadaithe. | 2016 | 2019 |
| 2. Ba cheart Alt 5(3) den Acht a leasú chun foráil a dhéanamh lena chinntiú, áit a ndéanann fostaí íoctha nó sealbhóir oifige de chuid na heagraíochta cumarsáid iomchuí thar ceann eagraíocht nach dtagann laistigh de raon feidhme an Achta, go nglacfar leis mar ghníomhaíocht brústocaireachta déanta ag an eagraíocht. | 2016 | 2019 |

| Moltaí | An Chéad Athbhreithniú | An Dara hAthbhreithniú |
|---|---|---|
| 3. Ba cheart an tAcht a leasú chun sainmhíniú níos cuimsithí d'fhostaí lánaimseartha a sholáthar in alt 7. | 2016 | 2019 |
| 4. Ba cheart Alt 5(1)(c) den Acht a leasú chun foráil a dhéanamh le haghaidh bainistiú agus stiúradh cumarsáid iomchuí faoi fhorbairt nó faoi chriosú talún, le cois a leithéid sin de chumarsáid a dhéanamh. | 2016 | 2019 |
| 5. Ba cheart forálacha alt 5(1)(c) den Acht a theorannú do dhaoine ag a bhfuil leas ábhartha i ndáil le forbairt nó criosú talún nó atá nasctha le nó i mbun cumarsáide thar ceann duine ag a bhfuil a leithéid sin de leas. | | 2019 |
| 6. Ba cheart an tAcht a leasú chun cumarsáid déanta ag páirtithe polaitiúla lena gcomhaltaí OPA ina gcáil mar chomhaltaí den pháirtí a dhíolmhú. | 2016 | 2019 |
| 7. Ba cheart go mbeadh feidhm leis an gcumarsáid díolmhaithe ag alt 7 den Acht i ndáil le caibidlíocht maidir le téarmaí agus coinníollacha na fostaíochta déanta ag ionadaithe comhlachtaí ionadaíocha fostaí eile. | | 2019 |
| 8. Ba cheart Alt 11(1)(b) den Acht a leasú chun seoladh ag a ndéanann duine a g(h)nó nó a "p(h)ríomhghníomhaíochtaí" a chur san áireamh. | 2016 | 2019 |
| 9. Ba cheart an focal "buan" a bhaint ó alt 11(4) den Acht. | | 2019 |

| Moltaí | An Chéad Athbhreithniú | An Dara hAthbhreithniú |
|---|---|---|
| 10. Ba cheart go n-áireofaí in Alt 16 den Acht ceanglas sainráite don Choimisiún aon chód iompair a fhoilsítear faoi alt 16 den Acht a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. | 2016 | 2019 |
| 11. Ba cheart an tAcht a mhionathrú ionas go mbeadh an t-údarás ag an gCoimisiún fiosrúcháin a dhéanamh agus tuairisciú ar sháruithe ar an gCód. | 2016 | 2019 |
| 12. Ba cheart glacadh le teip alt 22 den Acht (i ndáil le hiarratas ar thoiliú a chur ar fáil, más gá, nó i ndáil le cinneadh an Choimisiúin maidir le hiarratas ar thoiliú a chomhlíonadh) a chomhlíonadh mar shárú iomchuí faoi alt 18 den Acht agus mar chion faoi alt 20 den Acht. | 2016 | 2019 |
| 13. Ba cheart d'fhostóirí OPAanna iomchuí a áirithiú go dtuigeann OPAanna a n-oibleagáidí iar-fhostaíochta nuair a bhíonn pleananna á ndéanamh post a fhágáil, agus gur féidir leo comhairle a lorg ón gCoimisiún nuair is gá. | | 2019 |
| 14. Ba cheart an tAcht a leasú chun raon feidhme alt 22 a leathnú chun comhlachtaí poiblí agus OPAanna a raibh baint, tionchar nó teagmháil shuntasach ag duine leo a chur san áireamh. | | 2019 |
| 15. Ba cheart an tAcht a leasú chun cead a thabhairt don Choimisiún mionsonraí áirithe a fhoilsiú maidir lena chinntí an tréimhse shuaimhnithe faoi alt 22 den Acht a tharscaoileadh nó a laghdú. | 2016 | 2019 |

| Moltaí | An Chéad Athbhreithniú | An Dara hAthbhreithniú |
|---|---|---|
| 16. Ba cheart clásal frithsheachanta a chur le liosta na sáruithe iomchuí in alt 18 den Acht. | 2016 | 2019 |
| 17. Ba cheart go mbeadh cead ag an gCoimisiún mionsonraí achoimre d'imscrúduithe a fhoilsiú faoi alt 19 den Acht. | 2016 | 2019 |
| 18. Ba cheart an tAcht a leasú chun oibleagáidí a bhunú chun cead a thabhairt do na OPAanna diúltú do thuilleadh cumarsáide le daoine sa chás go dtuigeann an OPA gur theip ar an duine gníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe seo a chlárú faoin dáta iomchuí. | 2016 | 2019 |
| 19. Ba cheart an tAcht a leasú chun foráil a dhéanamh le haghaidh údarás a thabhairt don Choimisiún ordú a thabhairt d'aon OPA diúltú déileálacha a bheith aige le duine atá ciontaithe i sárú iomchuí. | 2016 | 2019 |
| 20. Ba cheart an tAcht a leasú chun foráil a dhéanamh le haghaidh údarás a thabhairt don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe ar na forálacha a ndéantar cur síos orthu i moladh 18 agus i moladh 19 thuas. | 2016 | 2019 |
| 21. Ba cheart tabhairt faoi chlár oideachais a bheidh faoi stiúir na Roinne chun eolas a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí faoin gcumarsáid díolmhaithe faoi alt 5(5)(n) den Acht agus faoi cheanglais an Chóid Trédhearcachta. | | 2019 |

| Moltaí | An Chéad Athbhreithniú | An Dara hAthbhreithniú |
|---|---|---|
| 22. Ba cheart tabhairt faoi chlár oideachais a bheidh faoi stiúir na Roinne chun eolas a chur ar fáil do ghníomhaireacht stáit iomchuí faoin gcumarsáid díolmhaithe faoi alt 5(5)(m) den Acht agus faoi na himthosca a bhfuil feidhm aige. | | 2019 |
| 23. D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar Alt 22 chun cead a thabhairt don Choimisiún srianta a fhorchur ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaineann le réimsí feidhmiúla comhlachtaí seirbhíse poiblí eile nó le OPAanna ó chomhlachtaí seirbhíse poiblí eile nach bhfuil an t-iarratasóir 'nasctha' leo. | | |

# Aguisín a hAon:

## Ról Maoirseachta an Choimisiúin faoi *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015*



# Aguisín a hAon

## Ról Maoirseachta an Choimisiúin faoi Acht *um Brústocaireacht a Rialáil 2015*

### Léargas ginearálta

Foráiltear leis an Acht go ndéanann duine a thagann laistigh de raon feidhme an Achta cumarsáid iomchuí (atá i mbun brústocaireachta) má dhéanann an duine cumarsáide le OPA faoi ní iomchuí. Ní mór d'aon duine atá i mbun brústocaireachta tuairisceán rialta ar líne a chlárú agus a chur ar fáil maidir lena g(h)níomhaíocht brústocaireachta.

Leagtar amach in Ailt 5(1) agus (2) den Acht na catagóirí daoine atá laistigh de raon feidhme an Achta, eadhon:

- duine ag a bhfuil níos mó ná 10 bhfostaí lánaimseartha;
- duine ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó agus ar comhlacht é atá ann go príomha chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasa a gcomhaltaí (dá dtagraítear dó mar "comhlacht ionadaíoch") agus go ndéantar an chumarsáid iomchuí thar ceann aon duine de na comhaltaí;
- duine ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó agus ar comhlacht é atá ann go príomha chun ionadaíocht a dhéanamh ar shaincheisteanna ar leith (dá dtagraítear dó mar "comhlacht abhcóideachta") agus go ndéantar an chumarsáid iomchuí chun aon cheann de na saincheisteanna sin a chur chun cinn;
- aon duine (duine aonair nó eagraíocht) ag a bhfuil "cumarsáid iomchuí" á déanamh maidir le forbairt nó criosú talún nach ionann é agus a p(h)ríomháit chónaithe phríobháideach; agus
- "brústocaire gairmiúil" nó tríú páirtí atá á íoc chun gníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh thar ceann duine atá i gceann de na catagóirí daoine thuasluaite.

Áirítear i measc OPAanna Airí agus Airí Stáit, Comhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa do thoghcheantair na hÉireann, agus Comhaltaí d'Údaráis Áitiúla. Áirítear i measc OPAanna freisin comhairleoirí speisialta agus na stáitseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí is sinsearaí atá forordaithe le hOrdú ón Aire.

Is ionann ní iomchuí agus ní a bhaineann le tionscnamh, forbairt nó mionathrú aon bheartais phoiblí nó aon chláir phoiblí; ullmhú achtacháin; nó bronnadh aon deontais, iasachta nó tacaíocht airgeadais eile, conradh nó comhaontú eile, nó aon cheadúnas nó údarú eile lena mbaineann cistí poiblí. Is cumarsáid iomchuí iad nithe a bhaineann le criosú agus forbairt talún freisin.

Foráiltear le hAlt 5(5) den Acht le haghaidh roinnt díolúintí maidir leis an rud is cumarsáid iomchuí ann.

## An Clár Brústocaireachta

Is córas gréasánbhunaithe é an clár. I dteannta leis an gclár ar líne, áirítear ar an suíomh gréasáin lobbying.ie faisnéis agus uirlisí treorach ina mínítear na próisis chlárúcháin agus tuairisceáin.

Níl aon chostas le híoc chun clárú, chun tuairisceáin a chur ar fáil nó chun an fhaisnéis atá iontu a rochtain. Cé go bhfuil an Coimisiún freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhunú agus ar chothabháil an chláir, tá an t-inneachar bunaithe ar an bhfaisnéis atá sna hiarratais chlárúcháin agus sna tuairisceáin a chuireann cláraithe ar fáil.

Ní mór do dhuine ar bith atá i mbun brústocaireachta tuairisceáin a chlárú agus a chur ar fáil trí huaire sa bhliain, agus “tréimhsí iomchuí” forordaithe a chlúdach (an 1 Eanáir - an 30 Aibreán, an 1 Bealtaine - an 31 Lúnasa, agus an 1 Meán Fómhair - an 31 Nollaig). Ní mór na tuairisceáin a chur ar fáil faoi na “dátaí iomchuí” forordaithe faoi seach (an 21 Bealtaine, an 21 Meán Fómhair agus an 21 Eanáir, faoi seach).

Ní mór na nithe seo a leanas a léiriú sa tuairisceán - cé air a rinneadh an bhrústocaireacht, ábhar na gníomhaíochta brústocaireachta, agus na torthaí a bhí á lorg ag an duine. Ní mór freisin cineál agus méid na gníomhaíochta brústocaireachta a léiriú sna tuairisceáin. Má rinneadh an ghníomhaíocht brústocaireachta thar ceann cliaint, ní mór mionsonraí maidir leis an gcliant a chur ar fáil sa tuairisceán.

# Forálacha eile

## Iarratais chun moill a chur ar fhoilsiú faoi alt 14 den Acht

Faoi alt 14 den Acht, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh chun moill a chur ar fhoilsiú na faisnéise atá le fáil in iarratas an duine gníomhaíochtaí brústocaireachta a chlárú nó ina t(h)uairisceán má tá ionchas réasúnach ann go mbeidh an méid seo a leanas mar thoradh ar fhoilsiú na faisnéise:

1. Beidh éifeacht dhíobhálach thromchúiseach aige ar leasa airgeadais an Stáit, an geilleagar náisiúnta nó leasa gnó aon chineál duine (iarratas déanta faoi alt 14(1)(a) den Acht), nó

2. Beidh caillteanas airgeadais iomchuí i gceist don duine lena mbaineann an fhaisnéis nó déanfar dochar tromchúiseach do staid iomaíochta an duine sin i ndáil le slí bheatha, gairm nó gnó an duine nó toradh aon idirbheartaíochtaí conarthacha nó eile atá á gcur i gcrích ag an duine sin (iarratas déanta faoi alt 14(1)(b) den Acht).

Má dhéantar iarratas faoi alt 14(1)(a), ceanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le haon Aire/Airí iomchuí den Rialtas. Ní cheanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le hAire/le hAirí má dhéantar iarratas faoi alt 14(1)(b). (Féadfaidh an Coimisiún, áfach, glacadh leis gur cuí dul i gcomhairle le hAire maidir le hiarratas alt 14(1)(b)).

Foráiltear le hAlt 14(9) den Acht nuair a fhoilsítear tuairisceáin ina dhiaidh sin nach mór don Choimisiún míniú a fhoilsiú maidir leis an gcúis a bhí le moill a chur ar fhoilsiú.

Foráiltear le hAlt 14(11) den Acht gur féidir leis an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh moill a chur ar fhoilsiú uair amháin nó níos mó i ndáil le faisnéis atá le fáil i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta.

## An tréimhse "shuaimhnithe" dá bhforáiltear faoi alt 22 den Acht

Foráiltear le hAlt 22 den Acht go bhfuil Airí, Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus oifigigh shinsearacha phoiblí atá forordaithe chun críocha alt 6(1) den Acht faoi réir thréimhse bliana "suaimhnithe", tréimhse nuair nach gceadaítear dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca sonracha, nó a bheith fostaithe ag, nó seirbhísí a sholáthar, do dhuine a bhfuil gníomhaíochtaí brústocaireachta á ndéanamh aige/aici in imthosca sonracha. Is éard atá i gceist leis an tréimhse shuaimhnithe tréimhse bliana ón dáta ar scor an duine de bheith ina OPA.

Is iad na himthosca lena mbaineann feidhm le halt 22 den Acht cumarsáid a dhéanamh a áirítear inti leanúint le gníomhaíochtaí brústocaireachta den chineál seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí a bhaineann le haon chomhlacht seirbhíse poiblí ina raibh an duine fostaithe nó ina raibh an duine i seilbh oifige nó ag a raibh post eile sa bhliain roimh dó/di imeacht, nó

2. Gníomhaíochtaí a bhaineann le duine a bhí ag feidhmiú mar OPA freisin nó a bhí fostaithe nó i seilbh oifige nó ag a raibh post eile sa bhliain sular fhág an duine.

Féadfaidh duine atá faoi réir na tréimhse suaimhnithe bliana iarratas a dhéanamh ar an gCoimisiún chun an tréimhse shuaimhnithe a laghdú nó a tharscaoileadh.

Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh laghdú nó tarscaoileadh na tréimhse suaimhnithe a thoiliú gan choinníoll nó féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh toiliú a thabhairt lena mbeadh coinníollacha ag gabháil. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh an t-iarratas a dhiúltú don tréimhse shuaimhnithe iomlán nó le haghaidh cuid den tréimhse shuaimhnithe.

## Achomhairc

Faoi alt 23 den Acht féadfaidh duine arb éagóir leis/léi cinneadh de chuid an Choimisiúin faoi alt 10(5) (a bhaineann le tuairiscí maidir le faisnéis mhícheart ar an gclár), alt 14 (foilsiú moillithe), nó alt 22 (tréimhse shuaimhnithe), cinneadh an Choimisiúin a achomharc. Tá painéil d'oifigigh achomhairc neamhspleácha bunaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun a leithéid sin d'achomhairc a éisteacht. Faoi alt 23, cuirtear an t-achomharc faoi bhráid oifigeach achomhairc neamhspleách a d'fhéadfadh seasamh le cinneadh an Choimisiúin, nó an cinneadh a aisiompú nó cinneadh eile a dhéanamh in ionad an chinnidh.

Foráiltear le hAlt 24 den Acht gur féidir cinneadh an oifigigh achomhairc a achomharc chuig an Ard-Chúirt.

### Forálacha Imscrúdaitheacha agus Forfheidhmiúcháin

Áirítear san Acht roinnt forálacha imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2017.

Ar deireadh, déantar foráil in alt 2 den Acht le haghaidh athbhreithniú reachtach. I ndiaidh an athbhreithnithe, féadfaidh an tAire leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh don Acht a bhreithniú. Ní mór don Aire toradh an athbhreithnithe agus aon mholtaí maidir le leasuithe ar an Acht a thuairisciú do Thithe an Oireachtais.


## Ionstraimí reachtúla faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil

Tá seacht n-ionstraim reachtúla bunaithe faoi Acht, eadhon:

- Rialacháin an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe) (I.R. 144 de 2019);
- Ordú Rialacháin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 (Tosach Feidhme) (I.R. 152 de 2015);
- Rialacháin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 (Achomhairc) (I.R. 366 de 2015);
- Rialacháin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe) (I.R. 367 de 2015);
- Ordú Rialacháin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 (Tosach Feidhme) (I.R. 360 de 2016);
- Rialacháin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 (Fógra le haghaidh Íocaíocht Shocraithe) (I.R. 361 de 2016); agus
- Rialacháin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe) 2016 (I.R. 362 de 2016).

# Aguisín a Dó:

## Moltaí don Dara hAthbhreithniú Reachtúil ar Acht



# Aguisín a Dó
## Moltaí don Dara hAthbhreithniú Reachtúil ar Acht

**Moladh 1:** Ba cheart an tAcht a leasú chun foráil a dhéanamh a chiallaíonn go bhfuil aon chomhlachtaí ionadaíocha gnó nó "comhpháirtíochtaí" de leasanna gnó, beag beann ar líon nó stádas na bhfostaithe, laistigh de raon feidhme an Achta, sa chás go mbeadh duine amháin nó níos mó de chomhaltaí an chomhlachta/na comhpháirtíochta laistigh den raon feidhme dá mbeidís ag gníomhú iad féin. Ba cheart go gceanglófaí ar chomhaltaí den chomhlacht/den chomhpháirtíocht iad a ainmniú ar thuairisceáin atá ag tacú le trédhearcacht mhéadaithe.

**Moladh 2:** Ba cheart Alt 5(3) den Acht a leasú chun foráil a dhéanamh lena chinntiú, áit a ndéanann fostaí íoctha nó sealbhóir oifige de chuid na heagraíochta cumarsáid iomchuí thar ceann eagraíocht nach dtagann laistigh de raon feidhme an Achta, go nglacfar leis mar ghníomhaíocht brústocaireachta déanta ag an eagraíocht.

**Moladh 3:** Ba cheart an tAcht a leasú chun sainmhíniú níos cuimsithí d'fhostaí lánaimseartha a sholáthar in alt 7.

**Moladh 4:** Ba cheart Alt 5(1)(c) den Acht a leasú chun foráil a dhéanamh le haghaidh bainistiú agus stiúradh cumarsáid iomchuí faoi fhorbairt nó faoi chriosú talún, le cois a leithéid sin de chumarsáid a dhéanamh.

**Moladh 5:** Ba cheart forálacha alt 5(1)(c) den Acht a theorannú do dhaoine ag a bhfuil leas ábhartha i ndáil le forbairt nó criosú talún nó atá nasctha le nó i mbun cumarsáide thar ceann duine ag a bhfuil a leithéid sin de leas.

**Moladh 6:** Ba cheart an tAcht a leasú chun cumarsáid déanta ag páirtithe polaitiúla lena gcomhaltaí OPA ina gcáil mar chomhaltaí den pháirtí a dhíolmhú.

**Moladh 7:** Ba cheart go mbeadh feidhm leis an gcumarsáid díolmhaithe ag alt 7 den Acht i ndáil le caibidlíocht maidir le téarmaí agus coinníollacha na fostaíochta déanta ag ionadaithe comhlachtaí ionadaíocha fostaí eile.

**Moladh 8:** Ba cheart Alt 11(1)(b) den Acht a leasú chun seoladh ag a ndéanann duine a g(h)nó nó a "p(h)ríomhghníomhaíochtaí" a chur san áireamh.

**Moladh 9:** Ba cheart an focal "buan" a bhaint ó alt 11(4) den Acht.

**Moladh 10:** Ba cheart go n-áireofaí in Alt 16 den Acht ceanglas sainráite don Choimisiún aon chód iompair a fhoilsítear faoi alt 16 den Acht a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**Moladh 11:** Ba cheart an tAcht a mhionathrú ionas go mbeadh an t-údarás ag an gCoimisiún fiosrúcháin a dhéanamh agus tuairisciú ar sháruithe ar an gCód.

**Moladh 12:** Ba cheart glacadh le teip alt 22 den Acht (i ndáil le hiarratas ar thoiliú a chur ar fáil, más gá, nó i ndáil le cinneadh an Choimisiúin maidir le hiarratas ar thoiliú a chomhlíonadh) a chomhlíonadh mar shárú iomchuí faoi alt 18 den Acht agus mar chion faoi alt 20 den Acht.

**Moladh 13:** Ba cheart d'fhostóirí OPAanna iomchuí a áirithiú go dtuigeann OPAanna a n-oibleagáidí iar-fhostaíochta nuair a bhíonn pleananna á ndéanamh post a fhágáil, agus gur féidir leo comhairle a lorg ón gCoimisiún nuair is gá.

**Moladh 14:** Ba cheart an tAcht a leasú chun raon feidhme alt 22 a leathnú chun comhlachtaí poiblí agus OPAanna a raibh baint, tionchar nó teagmháil shuntasach ag duine leo a chur san áireamh.

**Moladh 15:** Ba cheart an tAcht a leasú chun cead a thabhairt don Choimisiún mionsonraí áirithe a fhoilsiú maidir lena chinntí an tréimhse shuaimhnithe faoi alt 22 den Acht a tharscaoileadh nó a laghdú.

**Moladh 16:** Ba cheart clásal frithsheachanta a chur le liosta na sáruithe iomchuí in alt 18 den Acht.

**Moladh 17:** Ba cheart go mbeadh cead ag an gCoimisiún mionsonraí achoimre d'imscrúduithe a fhoilsiú faoi alt 19 den Acht.

**Moladh 18:** Ba cheart an tAcht a leasú chun oibleagáidí a bhunú chun cead a thabhairt do na OPAanna diúltú do thuilleadh cumarsáide le daoine sa chás go dtuigeann an OPA gur theip ar an duine gníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe seo a chlárú faoin dáta iomchuí.

**Moladh 19:** Ba cheart an tAcht a leasú chun foráil a dhéanamh le haghaidh údarás a thabhairt don Choimisiún ordú a thabhairt d'aon OPA diúltú déileálacha a bheith aige le duine atá ciontaithe i sárú iomchuí.

**Moladh 20:** Ba cheart an tAcht a leasú chun foráil a dhéanamh le haghaidh údarás a thabhairt don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe ar na forálacha a ndéantar cur síos orthu i moladh 18 agus i moladh 19 thuas.

**Moladh 21:** Ba cheart tabhairt faoi chlár oideachais a bheidh faoi stiúir na Roinne chun eolas a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí faoin gcumarsáid díolmhaithe faoi alt 5(5)(n) den Acht agus faoi cheanglais an Chóid Trédhearcachta.

**Moladh 22:** Ba cheart tabhairt faoi chlár oideachais a bheidh faoi stiúir na Roinne chun eolas a chur ar fáil do ghníomhaireacht stáit iomchuí faoin gcumarsáid díolmhaithe faoi alt 5(5)(m) den Acht agus faoi na himthosca a bhfuil feidhm aige.


# Aguisín a Trí:

## Staitisticí




# Aguisín a Trí
## Staitisticí


### Fíor 1 – Líon iomlán na gcláraithe sa bhliain




## Fíor 2 – Réimse tuairisceáin beartais phoiblí



## Fíor 3 – Tuairisceáin de réir na tréimhse tuairiscithe



## Fíor 4 – Príomhghníomhaíochtaí Gnó fógartha ag cláraithe



## Fíor 5 - Láthair réigiúnach na gcláraithe

An Bhreatain Mhór: 60
An Chuid eile den Eoraip: 19
An Chuid eile den Domhan: 9

**Iomlán: 1909**

